COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

An Bhruiséil, 21 Nollaig 2011 (18.01)
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2011/0449 (COD)**

**18938/11**
**ADD 1**

**GAF 27**
**FIN 1098**
**CADREFIN 223**
**CODEC 2514**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Nollaig 2011 |
| chuig: | Uwe CORSEPIUS, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SEC(2011) 1614 leagan deireanach |
| Ábhar: | Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin:<br>**Achroimre feidhmiúcháin ar an measúnú tionchair** a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (clár 'Pericles 2020') |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SEC(2011) 1614 leagan deireanach ón gCoimisiún.

________________________

Faoi iamh: SEC(2011) 1614 leagan deireanach

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 19.12.2011
SEC(2011) 1614 leagan deireanach

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialacháin ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (clár 'Pericles 2020').**

{COIM(2011) 913 leagan deireanach}
{SEC(2011) 1615 leagan deireanach}

Níl freagrach as an tuarascáil ach seirbhísí an Choimisiúin a bhí páirteach san ullmhúchán agus is mar bhonn díospóireachta a réiteoidh an téacs, gan dochar d'aon chinneadh críochnaitheach a dhéanfaidh an Coimisiún.

## Achoimre Feidhmiúcháin ar an Measúnú Tionchair ar chlár Pericles

### 1. COMHTHÉACS AN BHEARTAIS AGUS RANNCHUIDIÚ LE TOSAÍOCHTAÍ AN AE

**Clár malartaithe, cúnaimh agus oiliúna** le haghaidh an euro a chosaint ar ghóchumadh atá i gclár Pericles. OLAF a dhéanann é a riar.

Tá cosaint an euro curtha san áireamh sa Chonradh trí na forálacha atá ann do na bearta is gá le go n-úsáidfear mar airgeadra aonair é (Airteagal 133 den CFAE). Leagann Rialachán Uimh. 1338/2001 (CE) ón gComhairle[1] bearta síos is gá leis an euro a chosaint ar ghóchumadh agus déanann sé foráil do mhalartuithe faisnéise, do chomhar agus do chúnamh frithpháirteach. Déantar ar an dóigh sin creat comhchuibhithe le haghaidh chosaint an euro a chur ar bun.

Is é an buiséad atá beartaithe le haghaidh Pericles 2014-2020 EUR 1 mhilliún an bhliain.

### 2. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

Léirítear sa mheasúnú tionchair na comhairliúcháin a rinneadh le páirtithe leasmhara (seirbhísí oibríochta na mBallstát go háirithe), le seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin agus le comhlachtaí eile de chuid an AE maille le taithí oibríochtúil OLAF agus an taithí atá ag an gCoimisiúin ar an gclár a riar. Tá ábhar ó mheasúnú lár téarma ar an gclár a críochnaíodh ag tús 2011 ann freisin.

### 3. SAINIÚ NA FAIDHBE AGUS LOIGHIC NA hIDIRGHABHÁLA

#### 3.1. Scála

Bíonn síoriarracht de dhíth leis an euro a chosaint ar ghóchumadh, iarracht atá bunaithe ar dhlúthchomhar idir institiúidí Eorpacha agus na Ballstáit. Riarann Clár Pericles ar an ngá leanúnach atá le hairdeall, le hoiliúint, agus le cúnamh teicniúil, leis an euro a chosaint i dtólamh ar ghóchumadh trí chreat cobhsaí a sholáthar a ligeann do na Ballstáit a gcuid gníomhaíochtaí a phleanáil.

Comhordaíonn an Sainghrúpa Eorpach Um Ghóchumadh (SGEG) cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí Pericles, agus tá baint aige leis.

#### 3.2. Saincheisteanna

Sainaithnítear sa mheasúnú tionchair na saincheisteanna ar cheart do Pericles 2020 dul i ngleic leo:

– Grúpaí coireachta eagraithe a bhíonn i mbun góchumadh airgid, bíonn siad ag díriú ar an euro go fóill, grúpaí san Eoraip féin agus i réigiúin eile sa domhan amhail Meiriceá Theas agus Oirthear na hÁise.

[1] IO L 181, 04.07.2001, lch. 6.

– Is mór an bac ar chosaint aonfhoirmeach an euro ar ghóchumadh éagsúlacht na ndreasachtaí agus na n-acmhainní atá ag tíortha ar leith.

### 3.3. Fadhbanna

Tá fadhb shonrach ag baint le gach saincheist. Ina measc sin tá: an comhrac in éadan ghóchumadh an euro a choinneáil ina thosaíocht ag Ballstáit an AE, cosaint an euro in Oirdheisceart na hEorpa a athneartú agus an chosaint a leathnú i Meiriceá Theas agus limistéir a shainaithint ina bhfuil contúirt á nochtadh.

## 4. CUSPÓIRÍ AN CHLÁIR

### 4.1. Cuspóir ginearálta

An cuspóir ginearálta a bheidh ag an gclár góchumadh agus calaois a chosc agus a chomhrac sa dóigh is go mbeidh an geilleagar Eorpach níos iomaíche agus go ndaingneofar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí.

### 4.2. Cuspóir sonrach

An cuspóir sonrach a bheidh ag an gclár nótaí bainc agus na boinn euro a chosaint ar an ngóchumadh agus ar chalaois ghaolmhar, trí thacú agus trí chur leis na bearta a dhéanann na Ballstáit agus trí chúnamh a thabhairt do na húdaráis inniúla idirnáisiúnta agus Eorpacha agus iad ag iarraidh dlúthchomhar tráthrialta a chothú eatarthu féin agus leis an gCoimisiún Eorpach, gan tríú tíortha agus eagrais idirnáisiúnta a fhágáil as an áireamh.

Déanfar an cuspóir a mheas, inter alia, ar éifeachtacht na mbeart a dhéanann na húdaráis airgeadais, theicniúla, forghníomhaithe dlí agus bhreithiúnacha, agus tomhaisfear é ar bhonn mhéid an airgid bhréige a bhraithfear, líon na saotharlann a chuirfear ó mhaith, líon na ndaoine a ghabhfar agus líon na smachtbhannaí a fhorchuirfear.

## 5. COIMHDEACHT AGUS BREISLUACH DON AE

Tarraingíonn an euro go fóill mian grúpaí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu le góchumadh airgid, san Eoraip féin agus i réigiúin eile sa domhan. Ós rud é go bhfuil gné idirnáisiúnta ag góchumadh an euro, tá gá le comhordú fornáisiúnta le dul i ngleic leis. Trí bhíthin chlár Pericles, stiúrann an Coimisiún an cineál sin comhordaithe trí mhalartuithe, imeachtaí oiliúna agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil. : Go háirithe, ós rud é go gcuireann sé i bhfeidhm sainstraitéis oiliúna agus cúnaimh a comhaontaíodh leis na Ballstáit, tá an clár ina chomhlánú ar an oiliúint náisiúnta sa mhéid is go ndéanann sé ildisciplíneach agus trasnáisiúnta iad. Tugann sé faill dá thairbhithe bheith rannpháirteach in oiliúint idirnáisiúnta agus ardaíonn sé caighdeán an chomhair lasmuigh den Aontas Eorpach trí ról díreach i sainimeachtaí oiliúna a thabhairt do na tríú tíortha is íogaire.

## 6. TUAIRISC AR NA ROGHANNA BEARTAIS

Rogha 1: An clár a choinneáil ar bun agus an leibhéal céanna cistithe aige (an cás bunlíne).

Rogha 2: Clár Pericles a athnuachan trína chuspóirí agus a mhodheolaícht fheabhsú , lena n-áirítear, go háirithe, an t-uasráta comhchistithe a ardú.

Rogha 3: Pericles a chomhnascadh le cláir eile de chuid an Choimisiúin.

Rogha 4: Scor de chlár Pericles, agus é a fhágáil faoi na Ballstáit gníomhaíochtaí a eagrú ar leibhéal náisiúnta leis an euro a chosaint.

I bhfianaise na taithí atá faighte go dtí seo, taithí a bhaineann go mór le gníomhaíochtaí na mBallstát agus an Choimisiúin maidir le cosaint an euro, agus i bhfianaise an tionchair a bhfuiltear ag súil leis (lena n-áirítear tionchar gníomhaíochtaí atá ag forbairt faoi láthair), is é rogha is fearr an clár a athnuachan agus a chuspóirí agus a mhodheolaíocht a fheabhsú. Mar chuid den rogha sin tá leithdháileadh buiséid i bhfíorphraghsanna atá cosúil leis an leithdháileadh atá ann faoi láthair (tuairim is milliún euro sa bhliain). Déanann sí an dóigh a gcinntear méid an deontais níos solúbtha tríd an dóigh a gcinntear na costais a bheidh ar na Ballstáit a shimpliú[2]. Déanann sé réimse na ngníomhaíochtaí inghlactha a leathnú trí cheannach trealaimh a chistiú lena úsáid ag sainghníomhaireachtaí frithghóchumtha i dtríú tíortha leis an euro a chosaint ar ghóchumadh; agus ardaíonn sé ráta an chomhchistithe go huasmhéid 90% de na costais inghlactha, i gcásanna cuí-réasúnaithe eisceachtúla. Ba cheart go rachadh an bheart sin i ngleic le claonadh a nochtadh le blianta beaga anuas, mar atá, gur lú cumas ag Ballstáit tograí a chomhchistiú de dheasca easpa ginearálta ar na cistí atá le fáil ag riaracháin phoiblí. Éascóidh ráta níos airde comhchistithe dáileadh níos cothroime geografach de na gníomhaíochtaí trí ligean do níos mó Ballstát iarratas a dhéanamh.

Os a choinne sin, cé gur lú an caiteachas ar leibhéal an AE dá scoirfí den chlár, ní dhéanfaí fíorchoigilt, ní chúiteofaí acmhainní ar leibhéal náisiúnta ná i gcreat clár eile de chuid an AE. Chuirfí i mbaol, mar sin, cosaint éifeachtach aonfhoirmeach an euro ar fud na mBallstát agus sna tríú tíorthaí.

## 7. NAISC LE TIONSCNAIMH EILE A THIOCFAIDH I BHFEIDHM TAR ÉIS 2013

Rinneadh an comhordú ba ghá idir OLAF agus na seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin le forluí agus iomrall aithne idir na cláir a sheachaint.

## 8. SIMPLIÚ AGUS LAGHDÚ AR AN UALACH RIARACHÁIN

Mar a thugann torthaí an mheasúnaithe lár téarma le fios, simpleoidh an clár ullmhúchán iarratas ag údaráis náisiúnta inniúla. Le modhanna oibre a shimpliú agus leis an ualach riaracháin a laghdú, soiléireofar ríomh na suimeanna a bheidh le deonadh agus déanfar an clár níos fusa le húsáid. Leasófar an reachtaíocht le solúbthacht níos mó a cheadú maidir le húsáid na suime a deonaíodh; bainfear an cuspóir seo amach trí shimpliú a dhéanamh ar na forálacha airgeadais sin sa chlár a shainíonn go docht na costais shonracha atá ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún .

Beart eile simpliúcháin atá beartaithe, baineann sé le faisnéis a thabhairt go díreach d'ionadaithe na mBallstát atá ar an Sainghrúpa Eorpach Um Ghóchumadh (SGEG) agus le dul i gcomhairle go díreach leo ag céimeanna ar leith de chur i bhfeidhm an chláir.

[2] Féach Airteagail 8-11 de Chinneadh 2001/923/EC ón gComhairle an 17 Nollaig 2001.

## 9. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH

Tíolacfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle tuarascálacha bliantúla ar thorthaí, lena n-áirítear na torthaí a bhaineann le comhsheasmhacht agus le comhlántacht le cláir eile de chuid an AE. Lena chois sin, tá beartaithe measúnú neamhspleách ar bhaint amach chuspóirí an chláir — measúnú lár téarma — a dhéanamh (tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2017). Seolfar freisin tuarascáil chríochnaitheach ar bhaint amach chuspóirí an chláir chuig an údarás buiséid faoi cheann dheireadh 2021.